NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Treoirlínte chun tacú leis na Comhpháirteanna Measúnaithe Breise i dTeicneolaíocht Foirgníochta na hArdteistiméireachta

Nollaig 2025

# An Clár Ábhar


RÉAMHRÁ ... 1

MEASÚNÚ DON TEISTIÚCHÁN I DTEICNEOLAÍOCHT FOIRGNÍOCHTA NA HARDTEISTIMÉIREACHTA ... 2

ACHOIMRE AR AN GCOMHPHÁIRT INIÚCHADH AR AN TIMPEALLACHT THÓGTHA ... 3

PRÓISEAS CHUN AN CHOMHPHÁIRT INIÚCHADH AR AN TIMPEALLACHT THÓGTHA A CHUR I GCRÍCH ... 5

Céim 1: Fiosrú agus Iniúchadh ... 6

Céim 2: Réiteach Dearaidh ... 7

Céim 3: Plean déantúis ... 8

Céim 4: Déantús ... 9

Céim 5: Meastóireacht agus Machnamh ... 10

FORMÁID AGUS CUR ISTEACH NA COMHPHÁIRTE INIÚCHADH AR AN TIMPEALLACHT THÓGTHA ... 11

Tuairisceoirí Cáilíochta ... 12

RÓL AN MHÚINTEORA ... 13

ACHOIMRE AR AN MEASÚNÚ AR SCILEANNA CEARDAÍOCHTA ... 15

PRÓISEAS CHUN AN MEASÚNÚ AR SCILEANNA CEARDAÍOCHTA A CHUR I GCRÍCH ... 16

Céim 1: Líníochtaí a léirmhíniú ... 16

Céim 2: Ábhair a mharcáil amach ... 17

Céim 3: Inniúlacht a léiriú i Scileanna Ceardaíochta Láimhe, Uirlise Cumhachta agus Meaisín ... 18

Céim 4: Comhpháirteanna a thabhairt le chéile ... 19

FORMÁID AGUS CUR ISTEACH AN MHEASÚNAITHE AR SCILEANNA CEARDAÍOCHTA ........ 20

Tuairisceoirí Cáilíochta ........ 21

RÓL AN MHÚINTEORA ........ 22

AGUISÍN 1: CEISTEANNA LEIDE CHUN TACÚ LE SCOLÁIRÍ INNIÚLACHTAÍ DEARTHA AGUS DÉANTÚSAÍOCHTA A FHORBAIRT ........ 24

AGUISÍN 2: TREOIRLÍNTE CHUN TACÚ LE TAGAIRTÍ A DHÉANAMH ........ 26

# Réamhrá

Soláthraítear an méid seo a leanas leis an gcáipéis seo *Treoirlínte chun tacú leis na Comhpháirteanna Measúnaithe Breise i dTeicneolaíocht Foirgníochta na hArdteistiméireachta*:

- sonraí faoi chineál agus raon na comhpháirte Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha agus an Measúnú ar Scileanna Ceardaíochta mar a dtugtar breac-chuntas orthu sa tsonraíocht churaclaim do Theicneolaíocht Foirgníochta na hArdteistiméireachta
- treoir do scoileanna, do mhúinteoirí agus do scoláirí maidir leis an gcomhpháirt Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha agus an Measúnú ar Scileanna Ceardaíochta a dhéanamh, a chur i gcrích agus a chur isteach
- faisnéis ar an ról atá ag scoileanna agus ag múinteoirí chun tacú leis na scoláirí leis an dá Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis
- tuairisceoirí cáilíochta don chomhpháirt Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha agus don Mheasúnú ar Scileanna Ceardaíochta.

Ba cheart na treoirlínte seo a úsáid i gcomhar leis an tsonraíocht churaclaim le haghaidh Theicneolaíocht Foirgníochta na hArdteistiméireachta atá ar fáil ar https://www.curriculumonline.ie/ga-ie/senior-cycle/senior-cycle-subjects/construction-studies/.

Gach bliain, i dtéarma a haon de bhliain a dó, foilseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) treoir don chomhpháirt Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha.
Gach bliain, i dtéarma a trí de bhliain a dó, foilseoidh CSS tasc forordaithe chun an Measúnú ar Scileanna Ceardaíochta a dhéanamh.

# Measúnú don Teistiúchán i dTeicneolaíocht Foirgníochta na hArdteistiméireachta

Tá an measúnú don teistiúchán bunaithe ar réasúnaíocht, aidhm agus torthaí foghlama shonraíocht Theicneolaíocht Foirgníochta na hArdteistiméireachta. Tá trí chomhpháirt mheasúnaithe ann:
scrúdú scríofa agus dhá chomhpháirt mheasúnaithe sa bhreis, Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha agus Measúnú ar Scileanna Ceardaíochta. Beidh an scrúdú scríofa ar ardleibhéal agus gnáthleibhéal. Beidh an chomhpháirt Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha bunaithe ar threoir chomónta, agus beidh an Measúnú ar Scileanna Ceardaíochta bunaithe ar thasc atá leagtha síos. Déanfar measúnú ar gach comhpháirt ag an leibhéal ag a ndéanann an scoláire an scrúdú scríofa deiridh. Is é CSS a dhéanfaidh gach comhpháirt a leagan amach agus a scrúdú.

*Tábla 1: Forbhreathnú ar an measúnú don teistiúchán*


| Comhpháirt mheasúnaithe | Ualú | Leibhéal |
|---|---|---|
| Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha | 30% | Treoir Chomónta |
| Measúnú ar Scileanna Ceardaíochta | 20% | Tasc Comónta Leagtha Síos |
| Scrúdú scríofa | 50% | Ardleibhéal agus Gnáthleibhéal |

# Achoimre ar an gcomhpháirt Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha

Tugtar deis do na scoláirí fianaise ar a gcuid foghlama ó gach snáithe den tsonraíocht a chur i bhfeidhm leis an gcomhpháirt *Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha*. Cuireann na scoláirí portfóilió dearaidh agus déantúsán i gcrích mar fhreagairt ar threoir théamach leathan a bhaineann leis an timpeallacht thógtha. I dtéarma a haon de bhliain a dó, eisítear an treoir, agus cuirfear iad faoi bhráid CSS lena marcáil i mBliain 2.

Éilíonn an chomhpháirt sin go ndéanfaidh na scoláirí an réiteach a iniúchadh, a dhearadh, a phleanáil, a chruthú, agus an réiteach sin a mheas mar fhreagairt ar an treoir. Le linn an chomhpháirt a chur i gcrích, cuireann siad an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a d'fhorbair siad i rith an chúrsa i bhfeidhm chun portfóilió dearaidh agus déantúsán comhleanúnach agus ábhartha a tháirgeadh.

Tríd an chomhpháirt seo a chur i gcrích, téann na scoláirí i ngleic le próiseas atriallach chun freagairt aonair ar an treoir théamach a fhorbairt. Léirítear 'Mo Thuras Deartha' sa ghrafaic thíos, próiseas deartha atá ann a bhféadfadh tacú le scoláirí chun an chomhpháirt a chur i gcrích. Leagtar céimeanna amach a bhaineann le portfóilió dearaidh agus déantúsán a chur i láthair mar fhreagairt ar threoir.




*Fíor 1. Achoimre ar phróiseas deartha maidir le cur i gcrích na Comhpháirte Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha*

Éileoidh an treoir théamach ar na scoláirí fianaise ar an bhfoghlaim a léiriú trí réimsí na sonraíochta a fhiosrú agus aghaidh a thabhairt orthu. Déanfar sin trí thaighde, trí réiteach dearaidh a fhorbairt, a dhéantús a phleanáil, déantúsán fisiciúil a tháirgeadh agus a gcuid foghlama a mheas. Is taifead é

an portfóilió dearaidh a chuireann an taighde, an dearadh agus an próiseas meastóireachta in iúl. Tagann sé go maith leis an déantúsán fisiciúil deiridh.

Forbrófar príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí amhail smaointeoireacht agus réiteach fadhbanna, cruthaitheacht, cumarsáid, bainistíocht foghlama agus féinbhainistíocht trí rannpháirtíocht an scoláire lena dturas deartha mar chuid den chomhpháirt.

Leagfaidh treoir théamach CSS ceanglais na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis amach gach bliain. Tacóidh sí leis na múinteoirí freisin chun pleanáil a dhéanamh don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú chun tacú leis na scoláirí díriú ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a éileofar chun an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis a chur i gcrích. Nuair a bheidh sin críochnaithe, ullmhóidh na scoláirí a n-aighneacht i gcomhréir leis na ceanglais a leagfar amach i dtreoir CSS le haghaidh Theicneolaíocht Foirgníochta na hArdteistiméireachta.

## Próiseas chun an Chomhpháirt Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha a chur i gcrích

Dearadh an chomhpháirt Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha le himeascadh go nádúrtha i sruth na foghlama agus an teagaisc, ag baint leas as a cumas na scoláirí a spreagadh. Tacaíonn rannpháirtíocht leis an gcomhpháirt sin leis na scoláirí tábhacht na timpeallachta tógtha ina saol a fheiceáil freisin.

Le linn an 5ú bliain agus an 6ú bliain, forbraíonn na scoláire tuiscint iomlánaíoch ar an timpeallacht thógtha, ar an tógáil inbhuanaithe, ar chúinsí eiticiúla agus ar chleachtais dheartha. Cuireann gach ceann acu lena rannpháirtíocht leis an gcomhpháirt agus neartaíonn siad a dtuiscint uirthi.

Meastar go dtógfaidh an chomhpháirt Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha suas le 35 uair an chloig lena críochnú. Mar gheall ar an tráth bliana a eisíonn CSS an treoir, chomh maith leis an tréimhse leathan a thugtar lena chur i gcrích, cuirtear ar chumas na múinteoirí agus na scoláirí a gcuid oibre a phleanáil ar bhealach a thagann leis an gcaoi a bhfuil na scoláirí ag fáil taithí ar thorthaí foghlama na sonraíochta.

Léiríonn sonraíocht Theicneolaíocht Foirgníochta na hArdteistiméireachta gurb é an bealach is fearr a fhoghlaimíonn scoláirí ná trí chuir chuige ghníomhacha, theagmhálacha agus fhadhb-bhunaithe a spreagann idirghníomhú díreach le hábhair, le huirlisí agus leis an timpeallacht thógtha. Trí thascanna éagsúla, teagmhálacha a chur ar fáil, cuirtear ar chumas na scoláirí eolas teoiriciúil a chur i bhfeidhm; scileanna sa mhionstaidéar, sa dearadh, sa chruthú agus sa mheastóireacht a fhorbairt; agus luach a chur ar thábhacht na timpeallachta tógtha i gcomhthéacsanna sa saol mar atá.

Leagtar amach in 'Mo Thuras Deartha' na céimeanna rannpháirtíochta leis an gcomhpháirt Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha. Tugann na céimeanna sin breac-cuntas ar shraith loighciúil a leanfaidh na scoláirí agus iad ag dul ar aghaidh trína dturas deartha. I bhfianaise nádúr atriallach an phróisis deartha, féadfaidh na scoláirí dul siar agus aniar idir céimeanna éagsúla de réir mar a dhéanann siad machnamh ar a réiteach deiridh, é a bheachtú agus a fhorbairt. I gcás inarb iomchuí, tugtar amlíne tháscach do chríochnú gach céime sa chuid ábhartha. Braithfidh an fíor-achar ama chun gach céim a chur i gcrích ar chineál na treorach in aon bhliain ar leith agus ar chineál freagra agus réitigh an scoláire ar leith.

Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na scoláirí, áirítear le hAguisín 1 ceisteanna leide chun tacú leis na scoláirí agus iad ag forbairt inniúlachtaí deartha agus déantúsaíochta le linn an 5ú bliain agus an 6ú bliain.

## Céim 1: Fiosrú agus Iniúchadh




*Fíor 2. Céim 1: Fiosrú agus Iniúchadh*

Beidh an treoir a eiseofar leathan agus cuirfidh sí deis ar fáil do na scoláirí brí cruthaitheach ar leith a bhaint as. Beidh ar na scoláirí an treoir a dhiancheistiú agus réimsí laistigh di a shainaithint ar a bhféadfadh siad taighde nó mionstaidéar breise a dhéanamh. Meastar ansin go gcuirfidh na scoláirí cruth ar ráiteas a leagfaidh cuspóir a dtionscadail amach agus a thabharfaidh stiúir dá bhfreagairt ar an treoir.

Spreagtar na scoláirí chun réimse roghanna féideartha a fhiosrú sula sainaithníonn siad a bhfócas nó a dtreoir dheiridh. D'fhéadfadh an treoir a dtugann na scoláirí faoi teacht lena gcuid spéiseanna, lena gcuid láidreachtaí agus leis na hacmhainní atá ar fáil.  Tá sé tábhachtach go bhfuil fís shoiléir ag na scoláirí maidir leis an méid ar mhaith leo a bhaint amach lena dtionscadal. Ba cheart do mhúinteoirí béim a leagan air sin agus treoir á tabhairt acu.

Tar éis dóibh a bhfócas nó a dtreoir a shainaithint, spreagtar na scoláirí le taighde agus iniúchadh a dhéanamh ar an réimse seo. Tá ról ríthábhachtach ag an taighde príomhúil i bhforbairt foghlama atá domhain agus fiúntach i dtaca leis an timpeallacht thógtha. Trí bhunfhoinsí a úsáid, tugtar eispéiris foghlama atá teagmhálach agus luachmhar do na scoláirí, eispéiris a thacaíonn lena rannpháirtíocht leis an tionscadal. Áirítear leis na bunfhoinsí sin: cuairteanna suímh nó breathnú ar an timpeallacht thógtha, sonraí a thaifeadadh trí sceitseáil, tomhas, grianghraif a ghlacadh, turgnaimh a dhéanamh agus tástáil a dhéanamh.  Tá an taighde tánaisteach luachmhar freisin, mar sin féin, ba cheart go mbeadh baint dhíreach aige leis an bhfócas nó leis an treoir staidéir a roghnaigh an scoláire. Is éifeachtaí an mionstaidéar agus an taighde ar leith nuair a leagtar amach iad ar bhealach loighciúil agus feidhmeach a léiríonn a n-ábharthacht dá bhfócas.

Tar éis dóibh a gcuid taighde agus mionstaidéir a chur i gcrích, moltar do na scoláirí machnamh agus measúnú a dhéanamh ar a gcuid torthaí chun tátail atá bunaithe ar a gcuid oibre a fhorbairt. Beidh na tátail sin ina mbunchloch don chéad chéim eile den turas deartha. D'fhéadfadh fócas a dtionscadail athrú nó claonadh de réir mar a théann na scoláirí ar aghaidh trína dturas deartha. I gcás aon athruithe, ba cheart go mbeadh réasúnaíocht shoiléir ag tacú leo a chabhraíonn chun na torthaí inmhianaithe a bhaint amach.

Féadfaidh na múinteoirí plé a éascú sa rang maidir leis an téama atá leagtha amach sa treoir chun tacú leis na scoláirí agus iad ag déanamh a gcuid taighde cúlra tosaigh.

Meastar go dtógfaidh an chéim seo 4–5 uair an chloig.

## Céim 2: Réiteach Dearaidh





*Fíor 3. Céim 2: Réiteach dearaidh*

Tar éis dóibh torthaí a shainaithint agus tátail a bhaint as a gcuid mionstaidéar agus taighde, cruthóidh na scoláirí réitigh dhearaidh bunaithe ar a dtreoir roghnaithe. I rith an phróisis seo, ba cheart do na scoláirí a dturas deartha a léiriú ar an mbealach a oireann is fearr dóibh. D'fhéadfadh sceitseáil shaorlámhach, samhlacha a dhéanamh, DRC, nó aon mhodh iomchuí eile a chuireann a chuid smaointe deartha in iúl a áireamh leis sin. Agus iad ag baint úsáid as straitéisí smaointeoireachta deartha, cruthóidh na scoláirí réitigh praiticiúla bunaithe ar na tátail a bhain siad as a gcuid taighde roimhe seo.

Ba cheart do na scoláirí réimse leathan scileanna i gcur i láthair grafach a úsáid, in éineacht le tráchtaireacht mhachnamhach ar a gcuid cinntí deartha, chun a gcuid próiseas smaointeoireachta i rith na céime sin a chur in iúl. Ba cheart an réiteach dearaidh deiridh a chur in iúl go grafach, agus ba cheart do na scoláirí a gcinntí dearaidh ba chúis leis a chosaint. I dteannta a chéile, léiríonn an réiteach dearaidh deiridh agus an machnamh a chuir bonn eolais faoi toradh iomlán an phróisis smaointeoireachta deartha. Is féidir é a bhaint amach ar bhealaí éagsúla, ag brath ar scileanna agus eispéiris gach scoláire. Ba cheart do na scoláirí cuimhneamh ar gach réimse den treoir agus cinntiú go dtagann a gcuid oibre beartaithe lena gcuid inniúlachta, a gcuid taithí agus an t-am atá ar fáil.

Meastar go dtógfaidh an chéim seo 4–5 uair an chloig.

## Céim 3: Plean déantúis




*Fíor 4. Céim 3: Plean déantúis*


Tar éis an réiteach dearaidh a bheachtú agus a chur i gcrích, is é an chéad chéim eile ná ullmhú agus pleanáil le haghaidh dhéantús an déantúsáin dheartha. Spreagtar na scoláirí chun tosú ar an gcaoi a ndéantúsóidh siad a réiteach dearaidh deiridh a phleanáil. Ba cheart cinntí maidir le roghnú ábhair, siúntáil, próisis, úsáid daingneán agus feisteas, cur le chéile, bailchríochnú agus cur i láthair an déantúsáin deiridh a dhéanamh sula dtosaítear ar an déantús, nuair is cuí.

Moltar go léireoidh na scoláirí na mionsonraí deartha uile atá riachtanach chun a ndéantúsán a tháirgeadh. Is féidir na nithe seo a leanas a úsáid chun na mionsonraí atá ábhartha don tionscadal a léiriú: líníochtaí oibre, cé acu lámhtharraingthe nó cruthaithe trí úsáid a bhaint as DRC, in éineacht le réitigh sceitseáilte, fréamhshamhlacha, liostaí gearrtha nó modhanna oiriúnacha eile. Tá úsáid nótaí mínithe nó nótaí úsáideach chun mionsonraí deartha a léiriú i sceitsí nó i líníochtaí.

Ba cheart cuimhneamh go cúramach ar bhainistíocht ama le cinntiú gur féidir an déantúsán a chur i gcrích laistigh den tréimhse shannta agus é a chur isteach roimh an spriocdháta. Spreagtar na scoláirí chun a réiteach agus a líne ama déantúis beartaithe a roinnt lena múinteoir agus iad a bheith ar aon intinn mar gheall orthu. Tá sé tábhachtach go mbeidh na múinteoirí feasach ar an déantúsán ar mian le gach scoláire a dhéantúsú chun gur féidir leo aon saincheist fhéideartha maidir le soláthar ábhair nó trealaimh, cúinsí sláinte agus sábháilteachta, agus stóráil déantúsáin a shainaithint.

Meastar go dtógfaidh an chéim seo 2-3 uair an chloig.

## Céim 4: Déantús




*Fíor 5. Céim 4: Déantús*

Tar éis dóibh an phleanáil a chur i gcrích agus machnamh a dhéanamh ar na cinntí deartha le haghaidh a réitigh dearaidh deiridh, ba cheart do na scoláirí tús a chur le déantús a ndéantúsáin. Ag brath ar a dtreoir nó a bhfócas roghnaithe, d'fhéadfadh úsáid raon ábhair a bheith i gceist sa chéim seo. Beag beann ar na hábhair roghnaithe, léireoidh na scoláirí scileanna ceardaíochta a d'fhorbair siad agus iad ag cur teicnící cuí i bhfeidhm go cruinn agus ar bhonn comhsheasmhach, a fhad is atá siad ag cloí le prótacail sláinte agus sábháilteachta ag gach céim den phróiseas déantúis.

Ba cheart a léiriú leis an déantúsán deiridh raon leathan foghlama a d'fhorbair siad le linn a staidéir ar Theicneolaíocht Foirgníochta. Ba cheart a léiriú go soiléir leis an déantúsán a cuireadh i gcrích tuiscint na scoláirí ar na hábhair agus ar na próisis a úsáideadh. Chomh maith leis sin, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag na scoláirí a scileanna praiticiúla ina n-iomlán a léiriú agus iad ag tabhairt freagra ar an treoir théamach.

Ní mór an chéim dhéantúis a chur i gcrích laistigh de sheomra ranga na Teicneolaíochta Foirgníochta faoi mhaoirseacht an mhúinteora. Níor cheart don mhúinteoir idirghabháil dhíreach a dhéanamh ach amháin i gcásanna nuair a dtugtar cleachtais chontúirteacha faoi deara. Is cuid ríthábhachtach den phróiseas fíordheimhnithe leanúnach í an chéim sin. Tá sé riachtanach go bhfuil an múinteoir sásta gurbh é an scoláire féin a chur an obair i gcrích agus go dtagann sí leis an taighde agus an phleanáil a roinneadh leo roimhe seo le linn chéimeanna luaithe an tionscadail.

Meastar go dtógfaidh an chéim seo 18–20 uair an chloig.

## Céim 5: Meastóireacht agus Machnamh




*Fíor 6: Céim 5: Meastóireacht agus Machnamh*

Tar éis dóibh dearadh agus déantús a ndéantúsáin a chur i gcrích, spreagtar na scoláirí lena réiteach dearaidh a mheas (an portfóilió agus an déantúsán araon) agus machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama le linn an aistir deartha uile. Tá sé tábhachtach go gcuimhníonn siad ar chuid den mhéid seo a leanas agus a dtionscadal á mheas:

- An gcomhlíonann sé treoir théamach CSS?
- An gcomhlíonann sé a bhfócas nó an treo a roghnaigh siad le haghaidh an tionscadail?
- Cé chomh héifeachtach is a bhí a gcuid taighde agus pleanála?
- Cén caighdeán a bhí ag cur le chéile an phortfóilió deartha agus ag déantúsú an déantúsáin deiridh?
- Cén caighdeán atá ag bailchríoch a bportfóilió deartha agus a ndéantúsáin?
- Cén chaoi ar chuir an tionscadal seo lena n-eolas agus a dtuiscint ar an timpeallacht thógtha?

Spreagtar na scoláirí chun machnamh a dhéanamh ar na cinntí a rinneadh i rith gach céime den tionscadal, lena n-áirítear an déantúsán a iniúchadh, a phleanáil, a fhorbairt agus a dhéantúsú. Moltar go measann siad cé chomh éifeachtach is a bhí na cinntí sin maidir leis an gcaoi ar chuir siad le rath an toraidh dheiridh. Ar deireadh, moltar do na scoláirí cuimhneamh ar an méid a d'fhoghlaim siad le linn an phróisis deartha uile.
Tar éis dóibh a bheith ag obair ar na céimeanna sin go hatriallach, beidh eolas, scileanna agus taithí acu, i gcomhthéacs na timpeallachta tógtha agus i gcomhthéacs a bhforbartha pearsanta araon. Is féidir é a spreagadh chun a gcuid ratha, dúshlán agus príomhphointí foghlama a anailísiú agus athbhreithniú a dhéanamh orthu, chomh maith le cuimhneamh ar an gcaoi gur féidir iad sin a chur i bhfeidhm i dtionscadail amach anseo.

D'fhéadfadh 1-2 uair an chloig a bheith i gceist leis an gcéim sin a chur i gcrích.

## Formáid agus Cur Isteach na Comhpháirte Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha

Mar chuid den chomhpháirt Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha, beidh ar na scoláirí portfóilió deartha agus déantúsán a fhorbairt agus a chur isteach a léiríonn a n-aistear foghlama. Cuirfear an portfóilió deartha isteach i bhfoirm fhisiciúil in éineacht lena ndéantús i gcomhréir leis na treoracha a sholáthróidh CSS.

I dtéarma a haon de bhliain a dó, tosóidh an chomhpháirt Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha nuair a eiseofar Treoir Théamach CSS. Tabharfaidh cáipéis na treorach téamaí breac-chuntas ar na treoracha do na scoláirí agus na múinteoirí, treoir na comhpháirte, spriocdháta chun an portfóilió deartha agus an déantúsán a chur isteach agus na riachtanais a ghabhann lena chur isteach. Ní mór an portfóilió deartha agus déantúsán a chur isteach i gcomhréir leis na treoracha a sholáthraíonn CSS.

Áireofar faisnéis shonrach leis na treoracha, amhail uasmhéid leathanach, struchtúr an phortfóilió agus spriocdháta lena chur i gcrích.  Tá ar na scoláirí tagairtí a thabhairt chun aitheantas a thabhairt don úsáid a baineadh as aon obair atá ina n-aighneacht ach nach obair dá gcuid féin é. Tá sonraí maidir le tagairt a dhéanamh agus tagairtí a úsáid le fáil in Aguisín 2.

Tá sé thar a bheith tábhachtach gur obair dá gcuid féin í an obair ar fad a chuireann scoláire isteach lena measúnú. Is sárú suntasach ar rialacháin é má chuireann aon scoláire obair isteach nach bhfuil curtha i gcrích go hiomlán ag an scoláire sin. Má chuirtear obair den sórt sin isteach, d'fhéadfaí pionóis a ghearradh, suas go dtí go gcoinneofar siar na torthaí gaolmhara agus é sin san áireamh.

Tá próiseas fíordheimhnithe láidir lárnach chun sláine aon phróisis measúnaithe a chinntiú. Tá fíordheimhniú scoilbhunaithe múinteoirí ar obair an scoláire ar a gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis riachtanach chun measúnú cóir agus cothrom a dhéanamh ar an obair sin. Trí theagmháil rialta, chuimsitheach le hobair gach scoláire ar a gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis, beidh na múinteoirí in ann aon obair atá á cur isteach lena measúnú a fhíordheimhniú go muiníneach agus go dlisteanach.

Soláthraíonn CSS treoir mhionsonraithe maidir le fíordheimhniú oibre cúrsa agus na coinníollacha maidir le glacadh léi. Cuirfear faisnéis maidir leis an gcaoi a bhfuil feidhm aige sin i gcás na

comhpháirte Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha ar fáil sa treoir, agus i gcáipéisí eile a d'fhéadfadh CSS a eisiúint.

## Tuairisceoirí Cáilíochta

Baineann na tuairisceoirí thíos leis an bhfoghlaim a bhaineann na scoláirí amach sa chomhpháirt Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha. Go háirithe, tríd an gcomhpháirt éilítear ar na scoláirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Iniúch
- Dearadh
- Cruthú
- Meastóireacht agus machnamh.

*Tábla 2: Tuairisceoirí cáilíochta: Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha*

| | Scoláirí a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála | Scoláirí a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála | Scoláirí a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála |
|---|---|---|---|
| Iniúch | iniúchadh cuimsitheach ar an treoir agus an comhthéacs, le taighde mionsonraithe agus fiosrú domhan agus tuiscint ar na príomhghnéithe. | iniúchadh measartha ar an treoir, le roinnt taighde agus roinnt fiosraithe agus tuisceana ar na príomhghnéithe. | iniúchadh teoranta ar an treoir, gan mórán fiosraithe ná tuisceana ar na príomhghnéithe. |
| Dearadh | réiteach dearaidh atá cruthaitheach, praiticiúil, a léiríonn pleanáil den chéad scoth, nuálaíocht, agus machnamh cuimsitheach ar an treoir agus an comhthéacs. | réiteach dearaidh atá praiticiúil, a léiríonn roinnt pleanála agus nuálaíochta, agus machnamh measartha ar an treoir agus an comhthéacs. | réiteach dearaidh atá bunúsach, a léiríonn pleanáil agus nuálaíocht theoranta, agus gan mórán machnaimh ar an treoir agus an comhthéacs. |
| Cruthú | réiteach a cuireadh i bhfeidhm go héifeachtach, ag léiriú ardleibhéal scile. Comhlíonann an réiteach na riachtanais bheartaithe, an-chúram déanta de na mionsonraí agus den cháilíocht. | réiteach praiticiúil, ag léiriú leibhéal measartha scileanna. Comhlíonann an réiteach na riachtanais bheartaithe go pointe, cúram éigin déanta de na mionsonraí agus den cháilíocht. | réiteach a cuireadh i bhfeidhm go holc, ag léiriú leibhéal íseal scileanna. Ní chomhlíonann an réiteach ach roinnt riachtanais bheartaithe, gan mórán cúraim déanta de na mionsonraí agus den cháilíocht. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Meastóireacht agus machnamh | measúnú mionsonraithe, criticiúil tugtha le machnamh ábhartha, léirsteanach ann agus moltaí soiléire le haghaidh feabhais. | roinnt measúnú criticiúil tugtha, le machnamh ábhartha measartha agus roinnt moltaí le haghaidh feabhais. | gan mórán measúnaithe tugtha, gan mórán machnaimh ná moltaí le haghaidh feabhais. |

## Ról an mhúinteora

Tá ról tábhachtach ag an múinteoir ó thaobh obair an scoláire ar an gcomhpháirt Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha a éascú agus a mhaoirsiú, chomh maith le tacaíocht a thabhairt di. Ba cheart teagasc agus foghlaim a bhaineann leis an gcomhpháirt mheasúnaithe sa bhreis a chomhtháthú i ngnáthghníomhaíochta an tseomra ranga chun deiseanna a mhéadú oiread agus is féidir do na scoláirí chun torthaí foghlama na sonraíochta a bhaint amach agus tacú le príomhinniúlachtaí a fhorbairt.

Mar a luadh cheana, tosaíonn na scoláirí ar fhoghlaim an eolais, na scileanna, na luachanna agus na meonta atá riachtanach le haghaidh na comhpháirte Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha ó thús an chúrsa. Trí rannpháirtíocht leanúnach leis an bhfoghlaim a dtugadh breac-chuntas uirthi sa tsonraíocht, forbraíonn siad na hinniúlachtaí atá riachtanach chun a bhfreagairt féin ar leith ar an treoir a chur i gcrích.

Tugann eisiúint na treorach comónta ó CSS i dtéarma a haon de bhliain a dó deis do mhúinteoirí treoir agus soiléiriú maidir leis na riachtanais agus leis an inneachar a chur ar fáil. Tacaíonn sé le múinteoirí freisin chun pleanáil a dhéanamh maidir leis an gcomhpháirt Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha a chomhcheangal leis an ngnáth-theagasc agus leis an ngnáthfhoghlaim sa seomra ranga.

D’fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- riachtanais na treorach téamaí don Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha a shoiléiriú
- cabhrú leis na scoláirí tuiscint a fháil ar an gcaoi a mbaineann treoir CSS le haghaidh na comhpháirte Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha le sonraíocht Theicneolaíocht Foirgníochta na hArdteistiméireachta
- aon réimse faoi leith den tsonraíocht a aithint ar ghá do na scoláirí dul i ngleic leis chun tabhairt faoin gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis


- a chinntiú go bhfuil na scoláirí ar an eolas faoi na tuairisceoirí cáilíochta a bhaineann leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis
- ceisteanna leide a thairiscint, chun pleanáil agus smaointeoireacht chriticiúil na scoláirí a spreagadh le linn an phróisis agus tacú leo
- na scoláirí a spreagadh chun díriú ar cheanglais na treorach agus a gcuid oibre a cheangal leis na torthaí foghlama sa tsonraíocht
- treoir a thabhairt do na scoláirí i bhforbairt leanúnach a scileanna ceardaíochta agus a bpróiseáil
- cabhrú leis na scoláirí tuiscint a fháil ar an tábhacht a bhaineann le dea-chleachtais agus tagairt á déanamh agus ar an ngá atá le haon chineál bradaíola a sheachaint
- rochtain a éascú ar ábhair agus acmhainní iomchuí
- socruithe rochtana iomchuí a chur ar fáil do na scoláirí ag a bhfuil riachtanais bhreise foghlama, i gcomhréir le soláthar freastal réasúnta ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit
- na scoláirí a chur ar an eolas gur gá dóibh aon rialacháin nó ceanglais éigeantacha ábhartha a chomhlíonadh amhail na cinn a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht, na Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), rochtain a fháil ar réadmhaoin phoiblí nó phríobháideach, srl.
- aiseolas a úsáid go hiomchuí chun cur chuige athmhachnamhach a chur chun i leith na hoibre ar an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis
- treoracha a chur ar fáil ag eatraimh straitéiseacha chun comhlíonadh tráthúil na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis a éascú
- aird na scoláirí a tharraingt ar aon cheanglas i ndáil le cur isteach na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis arna sonrú sa treoir
- deiseanna a thugann an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis chun príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí a fhorbairt a chur chun cinn.

D'fhonn an próiseas fíordheimhnithe a éascú, ba cheart go mbeadh na múinteoirí rannpháirteach ar bhonn tráthrialta le hobair na scoláirí ar an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis. Ba cheart do na múinteoirí a bheith ar an eolas nach féidir ach obair ar leis na scoláirí féin í a chur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena measúnú. Tá sé tábhachtach go nglacfaidh gach scoláire cur chuige aonair i leith na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis agus go gcuirfidís portfóilió deartha agus comhpháirt shoiléir ar leith isteach.

Ba cheart go mbeadh an t-aiseolas a chuirtear ar fáil do na scoláirí ginearálta agus neamhthreorach. Níor cheart do na múinteoirí aon tacaíocht iomarcach ná mhíchuí a thabhairt do na scoláirí, amhail dréacht dá saothar a chur in eagar, téacs eiseamláireach nó teimpléid portfóilió deartha a chur ar fáil, nó codanna comhpháirte atá ceaptha lena n-úsáid mar fhianaise ar fhoghlaim an scoláire a phróiseáil.

## Achoimre ar an Measúnú ar Scileanna Ceardaíochta

Tugtar deis do na scoláirí sa *Mheasúnú ar Scileanna Ceardaíochta* fianaise ar a gcuid foghlama agus a n-inniúlacht a léiriú, a bhaineann le forbairt a gcuid scileanna praiticiúla. Cuirfidh gach scoláire freagairt ar leith isteach. Leagfaidh an tasc béim ar úsáid chuí ábhair, úsáid éifeachtach uirlisí láimhe, uirlisí cumhachta agus meaisín, chomh maith le cruinneas agus saineolas teicniúil i gcur i gcrích an taisc ag baint úsáid as ábhar a ullmhaíodh cheana. Léirítear sa ghrafaic thíos na céimeanna a bhaineann leis an Measúnú ar Scileanna Ceardaíochta a chur i gcrích. Léiríonn na céimeanna sin an tsraith thipiciúil a mbítear ag súil go gcloífidh na scoláirí léi agus iad ag obair ar an gcomhpháirt seo.




*Fíor 7: Achoimre ar an bpróiseas chun an Measúnú ar Scileanna Ceardaíochta a chur i gcrích*

Úsáidfidh na scoláirí na príomhinniúlachtaí freisin a fhorbraítear trína rannpháirteachas le Teicneolaíocht Foirgníochta na hArdteistiméireachta, trí dheiseanna don réasúnaíocht uimhriúil, smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna, féinbhainistíocht agus cumarsáid éifeachtacht de réir mar a chuireann siad an chomhpháirt seo i gcrích.

Cuirfear an Measúnú ar Scileanna Ceardaíochta ar siúl i bhfoirm seisiúin scrúdaithe amháin a mhairfidh trí uair an chloig gan bhriseadh i dtéarma a trí de bhliain a dó. Cuirfidh na scoláirí an chomhpháirt seo i gcrích mar fhreagairt ar thasc forordaithe a eiseoidh CSS go bliantúil. Leis an tasc forordaithe sin, leagfar amach ceanglais na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis agus tacófar leis na múinteoirí freisin chun pleanáil a dhéanamh don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú chun tacú leis na scoláirí díriú ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a éileofar chun an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis a chur i gcrích.

Ní mór an measúnú a chur i gcrích i seomra ranga na Teicneolaíochta Foirgníochta. Nuair a bheidh sin críochnaithe, cuirfear isteach é i gcomhréir leis na treoracha a shonróidh CSS.

Chun tuilleadh tacaíochta a thabhairt do na scoláirí, áirítear le hAguisín 1 ceisteanna leide chun tacú leis na scoláirí agus iad ag forbairt inniúlachtaí deartha agus déantúsaíochta le linn an 5ú bliain agus an 6ú bliain.


## Próiseas chun an Measúnú ar Scileanna Ceardaíochta a chur i gcrích

Ba cheart deiseanna a sholáthair do na scoláirí le linn an 5ú agus an 6ú bliain chun eolas agus scileanna a fhorbairt a bheidh riachtanach chun dul i ngleic leis an Measúnú ar Scileanna Ceardaíochta go rathúil. Áirítear leis na scileanna sin líníochtaí agus gnásanna a léirmhíniú, scileanna lámhdhéanta a úsáid, meaisíní agus uirlisí cumhachta a oibriú go sábháilte agus go héifeachtach, agus raon próiseas riachtanacha a bhaineann leis an tasc a chur i bhfeidhm.

Léiríonn sonraíocht Theicneolaíocht Foirgníochta na hArdteistiméireachta gurb é an bealach is fearr a fhoghlaimíonn na scoláirí ná tríd an bhfoghlaim ghníomhach, theagmhálach a thacaíonn leis na scoláirí a scileanna a fhorbairt i gcás líníochtaí a léirmhíniú, ábhair a mharcáil amach, scileanna ceardaíochta a chur i bhfeidhm agus déantúsáin a chur le chéile.

Tacaíonn uainiú an taisc fhorordaithe a leagann CSS síos le múinteoirí agus le scoláirí a rannpháirtíocht leis an gcomhpháirt measúnaithe sin a phleanáil.

### Céim 1: Líníochtaí a léirmhíniú




*Fíor 8: Céim 1: Líníochtaí a léirmhíniú*


Cuirfidh CSS líníochtaí oibre ortagrafacha ar a bhfuil toisí ar fáil do na scoláirí, agus beidh amhairc bhreise mhionsonraithe ábhartha leo, chun tacú lena dtuiscint ar an tasc. Is éard is aidhm leis na hamhairc sin ná cabhrú le samhlú agus léirmhíniú na gcomhpháirteanna, na siúntaí agus an chur le chéile ghinearálta atá ag teastáil le haghaidh an mheasúnaithe.

Ag an gcéim seo, moltar do na scoláirí na hamhairc líníochta a iniúchadh go cúramach agus na toisí, uirlisí agus próisis riachtanacha uile a shainaithint agus a léirmhíniú. Ag baint úsáid as an

bhfaisnéis a soláthraíodh dóibh, gheobhaidh na scoláirí amach céard é an cur chuige is cuí chun an tasc a chur i gcrích.

Éilíonn an chéim seo ar na scoláirí a n-inniúlacht chun tomhais a léirmhíniú agus a aistriú go cruinn ó líníochtaí déthoiseacha go hábhair fhisiciúla. Moltar do na scoláirí an líníocht oibre a úsáid mar phointe tagartha leanúnach chun gur féidir leo athbhreithniú a dhéanamh ar a ndul chun cinn go rialta chun cruinneas agus comhsheasmhacht leis na riachtanais deartha shainithe a chinntiú.

## Céim 2: Ábhair a mharcáil amach





*Fíor 9. Céim 2: Ábhair a mharcáil amach*

Cuirfear na hábhair ullmhaithe, daingneáin agus feistis riachtanacha ar fáil do scoláirí le haghaidh an mheasúnaithe a dhéanfaidh a scoil. Cé go bhféadfaidh liosta na n-ábhar athrú gach bliain, is é a bheidh i gceist leis go príomha ná déil dhearg agus clár monaraithe. Ullmhófar na hábhair sin le go mbeidh siad ar an leathan agus tiús riachtanach roimh an measúnú.  Gach bliain eiseoidh CSS an liosta gearrtha atá riachtanach don tasc i dtéarma 2 de bhliain 2.

Agus úsáid á baint as eolas arna léirmhíniú ón líníocht, aistreoidh na scoláirí na toisí riachtanacha agus na hábhair á marcáil amach chun an tasc a chur i gcrích. Léireoidh siad a n-inniúlacht na huirlisí agus trealamh ceart a roghnú agus a úsáid chun an tasc a mharcáil amach go cruinn.

Agus iad ag baint leas as a dtaithí ó bhliain 5 agus 6 i dTeicneolaíocht Foirgníochta na hArdteistiméireachta, spreagtar na scoláirí le húsáid a bhaint as cur chuige córasach agus iad ag marcáil amach gach comhpháirt, alt, mionsonra, agus gnéithe gaolmhara. Moltar do scoláirí an líníocht a úsáid mar thagairt chun athbhreithniú a dhéanamh ar shuíomh agus treoshuíomh a gcomhpháirteanna agus na toisí sula dtosaíonn siad an chéad chéim eile.

## Céim 3: Inniúlacht a léiriú i Scileanna Ceardaíochta Láimhe, Uirlise Cumhachta agus Meaisín





*Fíor 10. Céim 3: Inniúlacht a léiriú i Scileanna Ceardaíochta Láimhe, Uirlise Cumhachta agus Meaisín*

Tar éis dóibh an mharcáil amach a chríochnú, roghnóidh scoláirí modh cuí leis na hábhair a phróiseáil. Le haghaidh gach gné a mharcáiltear amach, roghnóidh scoláirí na huirlisí, trealamh, agus teicnící cuí le gach gné a phróiseáil. Cé go bhféadfaidh an trealamh riachtanach a bheith difriúil ó bhliain go bliain, áireofar sa mheasúnú úsáid trealaimh amhail druilire gan sreang, meaisín moirtíse, scrollsábh, agus druilire colúin. Agus iad ag dul i mbun na scileanna sin, ba cheart do scoláirí úsáid shábháilte na n-uirlisí agus an trealaimh a léiriú agus cloí le nósanna imeachta sábháilteachta.

Sna treoracha a eisíonn CSS gach bliain, sonrófar liosta faofa na n-uirlisí agus na meaisíní is féidir a úsáid ar an tasc praiticiúil.

Ar fud na céime seo, moltar do scoláirí na hábhair a phróiseáil in ord córasach agus loighciúil. Tá sé tábhachtach go mbainisteodh siad a gcuid ama go héifeachtach agus iad ag díriú ar chruinneas agus cáilíocht a gcuid scileanna. Táthar ag súil go léireoidh scoláirí na scileanna atá forbartha acu agus go dtabharfar aird ar leith ar thomhas na n-alt agus cruinneas na gcomhpháirteanna. Spreagtar na scoláirí úsáid rialta a bhaint as uirlisí cuí chun na hábhair a thomhas agus a mharcáil amach d'fhonn cruinneas a gcuid oibre a dheimhniú.

## Céim 4: Comhpháirteanna a thabhairt le chéile




*Fíor 11. Céim 4: Comhpháirteanna a thabhairt le chéile*

Chomh luath is atá an phróiseáil críochnaithe, tá sé tábhachtach do scoláirí ord na cóimeála a mheas. Ba cheart an líníocht oibre a úsáid mar thagairt chun seicheamh agus treoshuíomh ceart na gcomhpháirteanna a léirmhíniú le linn na céime seo. Tosóidh na scoláirí trí chóimeáil gach píosa a thástáil, agus iad ag díriú ar thomhas agus cruinneas gach ailt agus gach mionsonra a phróiseáiltear. D'fhéadfadh sé go mbeidh próiseáil bhreise riachtanach chun cóimeáil deiridh bheacht agus chruinn a cinntiú.

Nuair atá gá le daingneáin agus feistis, cheart do scoláirí féachaint ar an líníocht oibre chun a suíomh agus a n-úsáid cheart a léirmhíniú. Ba cheart uirlisí agus teicnící cuí a roghnú chun na gnéithe sin a shuiteáil go héifeachtach agus go sábháilte.

## Formáid agus Cur Isteach an Mheasúnaithe ar Scileanna Ceardaíochta

Eiseoidh CSS an liosta gearrtha atá riachtanach don tasc ainmnithe i dtéarma 2 de bhliain 2. Déanfar an Measúnú ar Scileanna Ceardaíochta le linn théarma 3 de bhliain 2 agus mairfidh sé trí uair an chloig.

Beidh raon dátaí an mheasúnaithe, agus an bealach ar gá an tasc críochnaithe a chur isteach i gcomhréir leis na treoracha a sholáthraíonn CSS.

Tá sé thar a bheith tábhachtach gur obair dá gcuid féin í an obair ar fad a chuireann na scoláirí isteach lena measúnú. Is sárú suntasach ar rialacháin é má chuireann aon scoláire obair isteach nach bhfuil curtha i gcrích go hiomlán ag an scoláire sin. Má chuirtear obair den sórt sin isteach, d'fhéadfaí pionóis a ghearradh, suas go dtí go gcoinneofar siar na torthaí gaolmhara agus é sin san áireamh.

Soláthraíonn CSS treoir mhionsonraithe maidir le fíordheimhniú oibre cúrsa agus na coinníollacha maidir le glacadh léi. Cuirfear faisnéis maidir leis an gcaoi a bhfuil feidhm aige seo i gcás an Mheasúnaithe ar Scileanna Ceardaíochta ar fáil sa tasc ainmnithe, agus i gcáipéisí eile a d'fhéadfadh CSS a eisiúint.

## Tuairisceoirí Cáilíochta

Baineann na tuairisceoirí thíos leis an bhfoghlaim a bhaineann na scoláirí amach sa Mheasúnú ar Scileanna Ceardaíochta. Go háirithe, tríd an gcomhpháirt éilítear ar na scoláirí an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Líníochtaí a léirmhíniú agus scileanna a mharcáil amach
- Scileanna ceardaíochta a léiriú
- Comhpháirteanna a chóimeáil.

*Tábla 3: Tuairisceoirí cáilíochta: Measúnú ar Scileanna Ceardaíochta*

| | Scoláirí a léiríonn leibhéal ard gnóthachtála | Scoláirí a léiríonn leibhéal measartha gnóthachtála | Scoláirí a léiríonn leibhéal íseal gnóthachtála |
|---|---|---|---|
| Líníochtaí a léirmhíniú agus scileanna a mharcáil amach | líníochtaí agus faisnéis thoiseach a léirmhíniú go cuimsitheach. Ábhair a mharcáil amach go cruinn, ag léiriú ardleibhéal cruinnis. | líníochtaí agus faisnéis thoiseach a léirmhíniú go measartha. Ábhair a mharcáil amach, ag léiriú leibhéal measartha cruinnis. | líníochtaí agus faisnéis thoiseach a léirmhíniú go teoranta. Ábhair marcáilte amach go heasnamhach, ag léiriú leibhéal íseal cruinnis. |
| Scileanna ceardaíochta a léiriú | leibhéal scileanna ceardaíochta den chéad scoth a léiriú, le cruinneas ard agus an-chúram déanta de na sonraí. Cruinneas agus bailchríoch ardchaighdeáin bainte amach ó thús deireadh. | leibhéal measartha scileanna ceardaíochta a léiriú, le cruinneas réasúnta agus cúram áirithe déanta de na mionsonraí. Cruinneas measartha agus bailchríoch shásúil bainte amach ar an iomlán. | leibhéal íseal scileanna ceardaíochta a léiriú, le cruinneas teoranta agus gan mórán cúraim déanta de na mionsonraí. Leibhéal íseal cruinnis agus bailchríche bainte amach ó thús deireadh. |
| Comhpháirteanna a thabhairt le chéile | Tugtar an déantúsán le chéile le cruinneas, beachtas, agus iomláine den chéad scoth. | Tugtar an déantúsán le chéile le cruinneas, beachtas, agus iomláine mheasartha. | Tugtar an déantúsán le chéile le cruinneas, beachtas, agus iomláine theoranta. |

## Ról an mhúinteora

Tá ról tábhachtach ag an múinteoir ó thaobh tacaíocht a thabhairt do scoláirí agus iad a mhaoirsiú agus a ullmhú don Mheasúnú ar Scileanna Ceardaíochta.  Ba cheart teagasc agus foghlaim a bhaineann leis an gcomhpháirt mheasúnaithe sa bhreis a chomhtháthú i ngnáthghníomhaíochta an tseomra ranga chun deiseanna a mhéadú oiread agus is féidir do na scoláirí chun torthaí foghlama na sonraíochta a bhaint amach agus tacú le príomhinniúlachtaí a fhorbairt.

Agus CSS ag eisiúint an taisc chomhchoiteann ainmnithe i dtéarma 3 de bhliain 2, beidh sé níos éasca do mhúinteoirí pleanáil chun an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis a chomhtháthú i ngnáth-shreabhadh an teagaisc agus na foghlama sa seomra ranga.

Ba cheart do mhúinteoirí liosta ainmnithe na n-ábhar agus an trealaimh a ullmhú mar a fhoilsíonn CSS é. Trí ábhair, trealamh, agus Trealamh Cosanta Pearsanta (PPE) cuí a chur ar fáil do na scoláirí, tacaítear leo chun an tasc a chur i gcrích go sábháilte, agus ar an mbealach is fearr agus is féidir leo.

Roimh an Measúnú ar Scileanna Ceardaíochta d'fhéadfadh an tacaíocht a leanas a bheith san áireamh:

- riachtanais an Mheasúnaithe ar Scileanna Ceardaíochta a shoiléiriú
- cuidiú le scoláirí tuiscint a fháil ar an gcaoi a mbaineann an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis le sonraíocht Theicneolaíocht Foirgníochta na hArdteistiméireachta
- aon réimse faoi leith den tsonraíocht a aithint ar ghá do na scoláirí dul i ngleic leis chun tabhairt faoin gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis
- a chinntiú go bhfuil na scoláirí ar an eolas faoi na tuairisceoirí cáilíochta a bhaineann leis an gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis
- rochtain a éascú ar acmhainní iomchuí
- Scoláirí a chur ar an eolas gur gá dóibh aon rialacháin nó ceanglais éigeantacha ábhartha a chomhlíonadh amhail na cinn a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht.
- socruithe rochtana iomchuí a chur ar fáil do na scoláirí ag a bhfuil riachtanais bhreise foghlama, i gcomhréir le soláthar freastal réasúnta ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit
- deiseanna a thugann an Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis chun príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí a fhorbairt a chur chun cinn.

Le linn an Mheasúnaithe ar Scileanna Ceardaíochta:

- Déanfaidh múinteoirí maoirseacht sábháilteachta le linn an mheasúnaithe trí uair an chloig, agus iad ag faire ar chleachtais shábháilte cheardlainne; gan idirghabháil ar bith a dhéanamh ach amháin chun gníomhartha contúirteacha a chosc.
- Ba cheart do na múinteoirí a bheith ar an eolas nach féidir ach obair ar leis na scoláirí féin í a chur faoi bhráid Choimisiún na Scrúduithe Stáit lena measúnú.

# Aguisín 1: Ceisteanna leide chun tacú le scoláirí inniúlachtaí deartha agus déantúsaíochta a fhorbairt

*Cuirtear na ceisteanna thíos ar fáil chun tacú le scoláirí agus iad ag forbairt inniúlachtaí deartha agus déantúsaíochta le linn an 5ú bliain agus an 6ú bliain. Tá siad ceaptha chun treoir a thabhairt agus chun tacú le smaointeoireacht mhachnamhach ar fud an phróisis, seachas chun iad a fhreagairt go leithleach nó a thiceáil mar sheicliosta.*

## An Dúshlán Deartha a Thuiscint agus a Fhiosrú

- Cad is brí leis an dúshlán deartha duitse, agus cad iad na gnéithe is mó a bhfuil suim agat iontu?
- Cén chuid den dúshlán is fearr a oireann do do chuid suimeanna, láidreachtaí, nó scileanna?
- Cad atá tú ag iarraidh a chur in iúl nó a bhaint amach trí do fhreagairt ar an dúshlán?
- Cad iad na samplaí ón bhfíorshaol nó torthaí taighde a théann i bhfeidhm ar threo do chuid oibre?

## Do chuid Smaointe a Fhorbairt agus a Chur in Iúl

- Conas a léiríonn do chuid smaointe deartha na tátail a bhain tú as do chuid taighde?
- Cad iad na réitigh phraiticiúla atá á bhforbairt agat chun dul i ngleic leis an dúshlán?
- Cad iad na modhanna (m.sh. sceitseáil, DRC, samhaltú) is fearr chun do dhearadh a chur in iúl?
- Cad iad na príomhchinntí deartha atá déanta agat go dtí seo, agus cén fáth?
- Conas a chloíonn do réiteach dearaidh deiridh leis an treoir agus le d'fhócas?

## Pleanáil agus Ullmhú don Déantús

- Conas a dhéanfaidh tú do dhearadh deiridh – cad iad na hábhair, an hailt, agus na próisis a mbainfidh tú úsáid astu?
- An bhfuil mionsonraí soiléir tugtha agat faoi do réiteach dearaidh trí líníochtaí oibre nó samhlacha?
- An bhfuil do phlean réalaíoch de réir an ama, na n-uirlisí, agus na scileanna atá agat?
- Cad iad na céimeanna a thógfaidh tú lena chinntiú go n-aistreofar na tomhais go cruinn ó líníochtaí go hábhair?
- Cad iad na huirlisí agus an trealamh is cuí le comhpháirteanna a mharcáil agus a ullmhú?
- Conas a úsáidfidh tú na líníochtaí oibre le treoir a fháil ar fud chéim na déantúsaíochta?

## Déanamh agus Réiteach Fadhbanna i bhFeidhm

- Cad iad na huirlisí, meaisíní, agus teicnící is oiriúnaí chun do réiteach a chur i gcrích, agus cén fáth?
- Conas a dhéanfaidh tú cinnte de go bhfuil do chuid oibre sábháilte, cruinn agus críochnaithe ar an mbealach is fearr agus is féidir leat?
- Cad iad na scileanna ceardaíochta agus teicnící tógála a léireoidh tú?
- Cad iad na straitéisí a mbainfidh tú úsáid astu chun do chuid ama a bhainistiú agus do chuid oibre a choinneáil sa treo ceart?
- Conas a sheiceálfaidh tú do chuid oibre i dtaca le cruinneas agus cáilíocht le linn an phróisis?

## Cóimeáil agus Críochnú

- Cad iad na céimeanna a thógfaidh tú le comhpháirteanna a chur le chéile go cruinn agus san ord ceart?
- Conas a sheiceálfaidh tú go n-oireann gach rud go ceart dá chéile agus conas a dheiseoidh tú rudaí más gá?
- Conas a chuirfidh tú daingneáin, feistis, agus teicnící bailchríochnaithe cuí i bhfeidhm?

## Measúnú agus Machnamh

- An gcloíonn do réiteach deiridh (déantúsán agus fóilió) leis an treoir agus an léiríonn sé an fócas a roghnaigh tú?
- Cé chomh héifeachtach is a bhí do thaighde, do phleanáil, agus do dhéantús?
- Conas a mheasfá cáilíocht agus bailchríoch do dhéantúsáin agus d’fhóilió?
- Cad iad na bealaí a bhfuair tú tuiscint níos doimhne ar an timpeallacht thógtha tríd an tionscadal seo?
- Cad iad an rath, na dúshláin, agus na ceachtanna foghlamtha is mó a chuirfidh bonn eolais faoi do chuid oibre amach anseo?

# Aguisín 2: Treoirlínte chun Tacú le Tagairtí a Dhéanamh

Is gné thábhachtach den Chomhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis í tagairtí a dhéanamh toisc go dtugann sí deis dóibh siúd a léann an fóilió dearaidh *Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha* teagmháil níos fearr a dhéanamh leis an ábhar agus leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil sa tagairt a fhíorú. Is é an bealach is oiriúnaí é do na scoláirí chun aitheantas a thabhairt d'fhoinse aon eolais, smaointe, ábhair nó íomhánna nach leo féin iad agus atá curtha san áireamh acu ina gComhpháirt Mheasúnaithe sa Bhreis.

Ach tagairt a dhéanamh is féidir leis na scoláirí fianaise a sholáthar ar an taighde ar phléigh siad leis a chur ar fáil, cuidíonn sin le tacaíocht agus tábhacht a thabhairt d'argóintí agus tátail, agus is féidir sin a úsáid chun a thaispeáint gur mheas agus gur fhiosraigh na scoláirí peirspictíochtaí difriúla.

Ba cheart do na scoláirí tagairtí a thabhairt laistigh dá saothair (lua sa téacs) agus freisin sa chuid tagairtí den fhóilió dearaidh *Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha*. Trí lua sa téacs a úsáid soláthraítear nasc díreach idir an méid a scríobhann na scoláirí agus an taighde ar a bhfuil a gcuid oibre bunaithe.

Sampla:
Aon scoláire a d'úsáidfeadh ábhar ó leathanach 57 den leabhar *Inclusion: effective practice for all students?*, d'úsáidfidís an sliocht idir lúibíní (lch 57, McLeskey, 2013) agus ansin leanfaidís ar aghaidh agus mionsonraí a chur leis an liosta tagairtí mar McLeskey, J. (2013) *Inclusion: effective practice for all students?* An dara heagrán.

Sa chuid tagartha dá gcáipéis, ba cheart do na scoláirí na sonraí cuí a sholáthar d'aon fhoinsí a d'úsáid siad le linn na comhpháirte *Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha* dá gcuid amhail:

- leabhair, nuachtáin, irisí
- irisí gairmiúla agus tuarascálacha rialtais
- foinsí ar líne, ina measc físeáin, podchraoltaí, srl.
- ábhar ó shaineagraíochtaí agus ó dhaoine aonair ábhartha
- ábhar arna ghiniúint ag bogearraí intleachta saorga (IS) agus aipeanna IS. Eiseofar eolas sonrach faoi sin i dtreoir na Comhpháirte Measúnaithe sa Bhreis agus i gcáipéisí gaolmhara ó CSS.

Ní chuirtear an chuid tagartha san áireamh sa líon focal. Cuidíonn tagairt chuimsitheach a dhéanamh chun a thaispeáint gur thug na scoláirí faoi chleachtais taighde mhacánta agus eiticiúla agus gur sheachain siad bradaíl. Ba cheart tagairt a dhéanamh ar bhealach chomh sonrach agus is gá chun an fhoinse taighde ar leith a chur in iúl, amhail uimhir leathanaigh nó caibidil i leabhar, cuid i suíomh gréasáin, stampa ama ar phodchraoladh nó físeán, srl.

Tá bradaíl ina cion tromchúiseach agus tarlaíonn sí nuair a úsáidtear obair seachas obair an scoláire féin gan foinse na hoibre a aithint go soiléir. Áirítear leis sin úsáid a bhaint as ábhar a ghintear trí úsáid a bhaint as bogearraí intleachta saorga (IS) nó as aipeanna IS. Ní cheadaítear ábhar a chóipeáil go díreach ó aon fhoinse gan aitheantas cuí agus is féidir go ngearrfar pionós as sin, suas le torthaí gaolmhara a choinneáil siar, agus an méid sin san áireamh.

Agus tagairt á déanamh ag na scoláirí do na foinsí a d'úsáid siad ina bhfóilió dearaidh *Iniúchadh ar an Timpeallacht Thógtha*, ba cheart dóibh a áirithiú, beag beann ar an gcineál foinse, go bhfuil go leor sonraí cruinne ann chun gur féidir leis an léitheoir an tagairt a fhíordheimhniú.  Níl aon stíl tagartha fhoirmiúil ar leith ag teastáil.

**An chaoi ar cheart do na scoláirí tagairt a dhéanamh d'fhoinsí difriúla**

- I gcás ina bhfuil foinsí scríofa nó eolas i gcló á lua ag na scoláirí, ba cheart dóibh ainm an údair a thabhairt, chomh maith le teideal an fhoilseacháin, bliain an fhoilseacháin, agus, más gá, an uimhir leathanaigh nó an chaibidil/an chuid den fhoilseachán.
- I gcás inar mian leis na scoláirí tagairt a dhéanamh do shuíomh idirlín nó foinse ar líne, ba cheart go mbeadh go leor sonraí cruinne ann chun cur ar chumas an léitheora an tagairt a fhíordheimhniú, lena n-áirítear an hipearnasc agus an dáta léite nó íoslódáilte.
- I gcás inar bhain scoláirí úsáid as ábhar a gineadh le bogearraí intleachta saorga (IS) agus feidhmchláir IS, ní mór é sin a admháil.  Ba cheart a áireamh leis an tagairt ainm na huirlise IS a úsáideadh, an dáta ar gineadh an t-ábhar agus ba cheart míniú gairid a sholáthar léi ar conas a úsáideadh í. I gcás roinnt mhaith uirlisí intleachta saorga giniúnaí gintear URLanna inroinnte lena leagtar amach ábhar seisiún comhrá a tharla. I gcás inar úsáideadh uirlis den sórt sin, ba cheart an URL a áireamh sa liosta d'fhoinsí taighde. I gcás nach ngintear URL inroinnte le huirlis IS, ba cheart don scoláire ainm na huirlise, agus an leid a úsáideadh, a lua.

| Samplaí de lua sa téacs do chineálacha difriúla foinsí |
| --- |
| **Leabhar:**<br>(lch 57, McLeskey, 2013) |
| **Alt nuachtáin/irise:**<br>(Hearne, J., 30/08/2024) |
| **Téacs/íomhá arna rochtain ar líne:**<br>(thelatinlibrary.com/101/RhetoricalDevices) |
| **Fuaim arna rochtain ar líne:**<br>(Clár 10, rte.ie/radio/podcasts/22093250) |
| **Físeán arna rochtain ar líne:**<br>(3:20 go 5:45, youtu.be/yCv4iyPqZKQ) |
| **Uirlisí IS (le URL inroinnte):**<br>(chat.openai.com/share/f45a1e23-2217-4443-a244-d56ab26ae940) |
| **Uirlisí IS (gan URL inroinnte):**<br>(OpenAI (2023) ChatGPT, 20/10/2023) |

| Samplaí de thagairtí do chineálacha difriúla foinsí |
| --- |
| **Leabhar i liosta tagairtí:**<br>McLeskey, J. (2013) *Inclusion: effective practice for all students?* An dara heagrán. |
| **Alt nuachtáin/irise**<br>Hearne, J. (30/08/2024) 'How bad driving habits cost Irish motorists hundreds every year', Irish Examiner |
| **Téacs/íomhá arna rochtain ar líne**<br>Latin Library, Principal Rhetorical and Literary Devices, (dáta scríofa gan bheith ar fáil), http://www.thelatinlibrary.com/101/RhetoricalDevices.pdf, Dáta rochtana: 17/6/24 |
| **Fuaim arna rochtain ar líne**<br>Philip Boucher Hayes, RTE, Hot Mess – Megawatts and Megabytes, Podchraoladh, dáta cruthaithe: 30/5/24, https://www.rte.ie/radio/podcasts/22093250-ep-10-megawatts-and-megabytes/, Dáta rochtana: 10/11/23 |

| |
|---|
| **Físeán arna rochtain ar líne**<br>ApintTurtle, Zig & Zag – Christmas crises, Scannán, dáta cruthaithe 20/12/2008, http://youtu.be/yCv4iyPqZKQ, 12/12/14, ó 3 nóiméad 20 soicind chuig 5 nóiméad 45 soicind. |
| **Uirlisí IS**<br>Sampla le URL inroinnte arna ghiniúint ag an Uirlis IS:<br>OpenAI (2023) ChatGPT (Leagan DF 20) [Samhail teanga mhór], arna rochtain an 20 Deireadh Fómhair 2023. https://chat.openai.com/share/f45a1e23-2217-4443-a244-d56ab26ae940 |
| **Uirlisí IS**<br>Sampla gan URL inroinnte<br>OpenAI (2023) ChatGPT (Leagan DF 20) [Samhail teanga mhór], arna rochtain an 20 Deireadh Fómhair 2023.  Leid a úsáideadh agus an téacs a gineadh. |

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta
Curaclaim agus Measúnachta
National Council for
Curriculum and Assessment